pearsanta uile de chuid páirtithe eile a cheilt. Ní ghearrtar aon mhuirear as iarraidh den sórt sin a dhéanamh ach caithfear cruthúnas céannachta a thaispeáint.

16.18 Tá toirmeasc ginearálta ann ar shonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas Eorpach faoi Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Féadfar sonraí a aistriú i gcás go mbeidh cinneadh leordhóthanachta ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh á dheimhniú go soláthraíonn an tríú tír (nó an eagraíocht idirnáisiúnta) leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí pearsanta. Murab ann d'aon chinneadh leordhóthanachta maidir leis an tríú tír, foráiltear le halt 98 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, do na sonraí a aistriú i gcás go mbeidh coimircí iomchuí ann i dtaca le sonraí pearsanta a chosaint, agus foráiltear le halt 99 do mhaoluithe le haghaidh imthosca sonracha. Ní mór aon aistriú sonraí chuig tríú tír a bheith ag cloí le ceanglais Chaibidil 5 de Chuid 5 den Acht.

GEARÁIN

16.19 Féadfaidh aon duine atá míshásta le seirbhís a sholáthraíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Áiríonn sé sin íospartaigh coire, breithiúna, finnéithe, comhaltaí den Gharda Síochána, Aturnaetha Stáit, abhcóidí a fheidhmíonn thar ceann an Stiúrthóra, daoine den phobal, soláthróirí earraí agus/nó seirbhísí, agus ciontóirí. Ní chlúdaíonn an Beartas maidir le Gearáin míshástacht le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cinntí iad nach ndéileáiltear ar leithligh leo i míreanna 16.6 go 16.8 thuas.

16.20 Ba chóir gearáin a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig:

An tAonad Cumarsáide
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

Further information about the Complaints Policy is available on the Office website at www.dppireland.ie.